Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5941

17.11.2025

**Iarraidh ar réamhrialú ón Raad voor Vergunningsbetwistingen (an Bheilg) a taisceadh an 14 Lúnasa 2025 – Dryade VZW v Stad Peer, vertegenwoordigd door het college van burgemeester en schepenen**

**(Cás C-548/25, Dryade)**

(C/2025/5941)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

## An chúirt a rinne an tarchur

Raad voor Vergunningsbetwisten

## Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Dryade VZW

*Cosantóir:* Stad Peer, vertegenwoordigd door het college van burgemeester en schepenen

*Idiragraí:* X VVZRL

## An cheist a tharchuirtear:

An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ([1]) ar scéim reachtúil faoina bhfuil tionscadail nach bhfuil cead, údarú nó ceadúnas ag teastáil ina leith, ach nach bhfuil ach fógra ag teastáil ina leith, amhail tionscadail níos lú um screamhuisce a bhaint, faoi réir oibleagáide measúnú iomchuí a dhéanamh, fiú más dócha go mbeidh tionchar suntasach ag na tionscadail sin ar shláine limistéir caomhantais speisialta?

---

([1]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, lch. 7).